# *Gaelscoil Adhamhnáin, Leitir Ceanainn*
### *U.R. 19971R*

## Beartas Frithbhulaíochta (Anti-Bullying Policy)

1. **I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na dtreoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil Adhamhnáin mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.** In accordance with the requirements of the Education (Welfare) Act 2000 and the code of behaviour guidelines issued by the NEWB, the Board of Management of Gaelscoil Adhamhnáin has adopted the following anti-bullying policy within the framework of the school's overall code of behaviour. This policy fully complies with the requirements of the *Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools* which were published in September 2013.

2. **Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí atá iompar bulaíochta agus an tioncar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á láimhseáil.** The Board of Management recognises the very serious nature of bullying and the negative impact that it can have on the lives of pupils and is therefore fully committed to the following key principles of best practice in preventing and tackling bullying behaviour:

   a) **Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:** A positive school culture and climate which:
      - **ina nglactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht**, is welcoming of difference and diversity and is based on inclusitity.
      - **ina spreagtar daltaí chum iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach agus;** encourages pupils to disclose and discuss incidents of bullying behaviour in a non-threatening environment; and
      - **ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile** promotes respectful relationships across the school community;

   b) **Ceannaireacht éifeachtach;** Effective leadership

   c) **Cur chuige scoile uile;** A school-wide approach

   d) **Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige** A shared understanding of what bullying is and its impact;

   e) **Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)** Implementation of education and prevention strategies (including awareness raising measures) that –
      - **a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí** build empathy, respect and resilience in pupils; **agus** and
      - **ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;** explicitly address the issues of cyber-bullying and identity-based bullying including in particular, homophobic and transphobic bullying.

   f) **Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;** Effective supervision and monitoring of pupils;

   g) **Tacaíochtaí don fhoireann;** Supports for staff;

   h) **Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair**

**leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid);** Consistent recording, investigation and follow up of bullying behaviour (including use of established intervention strategies); **agus** and

i) **Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí atá an beartas frithbhulaíochta.** On-going evaluation of the effectiveness of the anti-bullying policy.

3. **I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:** In accordance with the *Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools* bullying is defined as follows:

**An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach nach bhfuilfear a iarraidh, bíodh sé i bhfoirm iompar labhartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.** Bullying is unwanted negative behaviour, verbal, psychological or physical conducted, by an individual or group against another person (or persons) and which is repeated over time.

**Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:** The following types of bullying behaviour are included in the definition of bullying:

- **duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;** deliberate exclusion, malicious gossip and other forms of relational bullying,
- **cibearbhulaíocht; agus** cyber-bullying and
- **bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.** Identity-based bullying such as homophobic bullying, racist bullying, bullying based on a person's membership of the Traveller community and bullying of those with disabilities or special educational needs.

**Ní chlúdaíonn an sainmhíniú thuas ar bhulaíocht nó gníomh d'iompar diúltach d'aon ghnó aon uaire, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.** Isolated or once-off incidents of intentional negative behaviour, including a once-off offensive or hurtful text message or other private messaging, do not fall within the definition of bullying and should be dealt with, as appropriate, in accordance with the school's code of behaviour.

**Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh Gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.** However, in the context of this policy, placing a once-off offensive or hurtful public message, image or statement on a social network site or other public forum where that message, image or statement can be viewed and/or repeated by other people will be regarded as bullying behaviour.

**Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.** Negative behaviour that does not meet this definition of bullying will be dealt with in accordance with the school's code of behaviour.

**Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i nAguisín 1 den pholasaí seo.** Additional information on different types of bullying is set out in Appendix 1 of this policy.

4. **Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfaidh léi:** The relevant teacher(s) for investigating and dealing with bullying is (are) as follows:
**An Múinteoir Ranga**
**Múinteoir Carla ag fiosrú**

5. **Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear straitéisí a bheidh dírithe go sonrach ar an gcibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homofóbach agus trasfóbach) a bheidh in úsáid sa scoil:** The education and prevention strategies (including strategies specifically aimed at cyber-bullying and identity-based bullying including in particular, homophobic and transphobic bullying) that will be used by the school are as follows:
   - **Clár** School Programme**:** www.antibullyingcampaign.ie **Féach Aguisín 2 Eolas do pháistí** See Appendix 2 Awareness Raising.
   - **Ceachtanna frithbhulaíochta as OSPS.** Anti bullying module of the SPHE Programme as it applies during each school year.
   - **Comórtas ealaíne bunaithe ar fhrithbhulaíocht achan bhliain.** Annual anti-bullying art / slogan competition (all classes).
   - **Áiseanna sa Scoil: Bullying in a Cyber World- Prim Ed, Prim Ed**
     **Feach Thíos**

6. **Seo a leanas straitéisí na scoile chum iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsaidfidh an scoil chun déileáil le cásanna d'iompar bulaíochta:** The school's procedures for investigation, follow-up and recording of bullying behaviour and the established intervention strategies used by the school for dealing with cases of bullying behaviour are as follows:
**www.antibullyingcampaign.ie Strand 2 Dealing with incidents**
**Cuid de na billeoga as an gclár sin ar chúl an pholasaí seo.**

7. **Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu.** The school's programme of support for working with pupils affected by bullying is as follows:
**Clár Fan Sabháilte** Stay Safe Progranne
**Áiseanna eile sa scoil** Other available School Resources **(Coinnithe i Seomra Acmhainne Muinteoir Carla):**
**101 Games for Social Skills L.D.A.**
**You're Smarter than You Think – a Kid's Guide to Multiple Intelligences, Thomas Armstrong**
**Hot Stuff to Help Kids Chill Out, Jerry Wilde**
**Self-Esteem, Prim Ed (Lower Primary, Middle Primary, Upper [Primary)**

8. **Tugtar tacaiocht, fósta, don té atá i mbun bulaíochta (féach áiseanna thuas) ach má leantar ar aghaidh leis an mbulaíocht cuirfear Cód Iompair na Scoile i bhfeidhm. I gcásanna áirithe, beidh comhairle agua tacaíocht a lorg don pháiste sin ó na h-údarais taobh amuigh den scoil.** Support will also be given to the child who is responsible for the bullying behaviour (see resources above). If the bullying continues the School Code of Behaviour will be referred to. Guidance and support for the child may be requested from outside agencies.

9. **Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí – Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíocht a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.** Supervision and Monitoring of Pupils – The Board of Management confirms that appropriate supervision and monitoring policies and practices are in place to both prevent and deal with bullying behaviour and to facilitate early intervention where possible.

9. **An Ciapadh a Chosc – Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann do na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.** Prevention of Harassment – The Board of Management confirms that the school will, in accordance with its obligations under equality legislation, take all such steps that are reasonably practicable to prevent the sexual harassment of pupils or staff or the harassment of pupils or staff on any of the nine grounds specified i.e. gender including transgender, civil status, family status, sexual orientation, religion, age, disability, race and membership of the Traveller community.

10. **Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an** ________________________________________
This policy was adopted by the Board of Management on ______________________________________

11. **Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile, tá sé ar fáil san Oifig do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas. Ta sé fósta ag Coiste na dTuismitheoirí. Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.** This policy has been made available to school personnel, published on the school website (or where none exists, is available to parents and pupils in the school office on request. It is also provided to the Parents' Association. A copy of this policy will be made available to the Department and the patron if requested.

12. **Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile agus foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.** This policy and its implementation will be reviewed by the Board of Management once in every school year. Written notification that the review has been completed will be made available to school personnel and published on the school website. A record of the review and its outcome will be made available, if requested, to the patron and the Department.

Sínithe: ______________________________________ Síniú: ________________________________

**Aguisín 1 (**Appendix 1)

**Cineálacha bulaíochta** (Types of bullying)

**Seo leanas cuid de na cineálacha iompair bhulaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann idir dhaltaí:** The following are some types of bullying behaviour that can occur amongst pupils:

- **Ionsaitheacht fhisiciúil** (Physical aggression): **Áirítear air sin duine a bhrú, a shá, a bhualadh, a chiceáil, a phriocadh nór cor coise a chur ann. Bheadh trom-ionsaí fisiciúil ar áireamh anseo. Is minic a théann daltaí I mbun 'troideanna bréige', ach féadtar úsáid a bhaint astu chun ciapadh fisicúil a dhéanamh faoi cheilt, sin nó duine a ghortú.** This behaviour includes pushing, shoving, punching, kicking, poking and tripping people. It may also take the form of severe physical assault. While pupils often engage in 'mess fights', they can sometimes be used as a disguise for physical harassment or inflicting pain.
- **Imeaglú** (Intimidation): **Cineál ar Leith iompar bulaíochta is ea imeaglú: d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar chomharthaíocht choirp ionsaitheach ina mbaintear úsáid as an nguth mar arm troda. D'fhéadfadh aghaidh a léiríonn ionsaitheacht agus/nó míghnaoi a bheith ina chúis mhór imní.** Some bullying behaviour takes the form of intimidation: it may be based on the use of very aggressive body language with the voice being used as a weapon. Particularly upsetting can be a facial expression which conveys aggression and/or dislike.
- **Aonrú/eisiamh agus caidreamh bulaíochta eile** (Isolation/exclusion and other relational bullying): **Tarlaíonn bulaíocht den chineál seo nuair a dhéanann cuid den rang nó an rang ar fad duine a aonrú, a eisiamh nó neamhaird a thabhair air/uirthi d'aon ghnó. Is gnách iompar mar seo a bheith tionscanta ag duine atá ag gabháil d'iompar bulaíochta agus féadann sé a bheith deacair a bhrath. D'fhéadfadh ráitis mhaslacha a bheith a scríobh mar ghealll ar an dalta seo in áiteanna poiblí, nó nótaí faoin dalta nó líníochtaí den dalta a bheith á scaipeadh nó í/é a bheith á maslú/mhaslú de chogar ach é a bheith sách ard le go gcloisfí é. Meastar go mbíonn caidreamh bulaíochta ann nuair a dhiúltaítear go leanúnach d'iarrachtaí duine caidreamh a bheith aige/aici le piaraí agus gaol a chothú leo, nó nuair a bhaintear an bonn de na hiarrachtaí sin. Bíonn rialú i gceist i gceann de na cineálacha is coitianta: "Déan seo, siúd nó eile, nó ní bheidh mé cairdiúil leat níos mó" (ráite nó intuigthe); grúpa a bhailíonn le chéile in aghaidh duine amháin (cailín nó bhuacaill); geáitsíocht neamhbhriathartha, cúlchaint mhailíseach; scéalta a bheith á scaipeadh mar gheall ar dhuine nó cluas bhodhar a bheith á tabhairt ar dhuine.** This occurs where a certain person is deliberately isolated, excluded or ignored by some or all of the class group. This practice is usually initiated by the person engaged in bullying behaviour and can be difficult to detect. It may be accompanied by writing insulting remarks about the pupil in public places, by passing around notes about or drawings of the pupil or by whispering insults about them loud enough to be heard. Relational bullying occurs when a person's attempts to socialise and form relationships with peers are repeatedly rejected or undermined. One of the most common forms includes control: "Do this or I won't be your friend anymore" (implied or stated); a group ganging up against one person (girl or boy); non-verbal gesturing; malicious gossip; spreading rumours about a person or giving them the "silent treatment".
- **Cibearbhulaíocht** (Cyber-bullying): **Tá an cineál seo bulaíochta ag éirí níos coitianta agus ag athrú an t-am ar fad. Is bulaíocht é seo a chuirtear i gcrích trí theicneolaíochtaí eolais agus cumarsáide ar nós téacsteachtaireachtaí, suíomhanna líonra sóisialta, r-phost, cur teachtaireachtaí meandracha, feidhmchláir, suíomhanna cluichíochta, seomraí comhrá agus teicneolaíochtaí eile ar line. An cineál bulaíochta ar line is coitianta ná teachtaireachtaí míchuí nó goilliúnacha a dhíriú ar dhuine. De bhrí go n-úsáideann an chibearbhulaíocht modhanna teicneolaíochta chun an t-iompar bulaíochta a choimeád ag imeacht agus nach ga teagmháil duine le duine, féadfaidh an chibearbhulaíocht tarlú uair ar bith (lá nó oíche). Is iomaí cineal bulaíochta is féidir a éascú tríd**

**an gcibearbhulaíocht. Mar shampla, d'fhéadfaí téacsteachtaireachtaí homafóbacha a sheoladh duine nó pictiúir a phostáil mar aon le ráitis dhiúltacha mar gheall ar ghnéasacht duine, Cuma duine srl.** This type of bullying is increasingly common and is continuously evolving. It is bullying carried out through the use of information and communication technologies such as text, social network sites, e-mail, instant messaging (IM), apps, gaming sites, chat-rooms and other online technologies. Being the target of inappropriate or hurtful messages is the most common form of online bullying. As cyber-bullying uses technology to perpetrate bullying behaviour and does not require face to face contact, cyber-bullying can occur at any time (day or night). Many forms of bullying can be facilitated through cyber-bullying. For example, a target may be sent homophobic text messages or pictures may be posted with negative comments about a person's sexuality, appearance etc.

- **Ainmneacha maslacha a thabhairt ar dhuine** (Name calling): **Duine ar bith a thugann ainm maslach, goilliúnach nó náiritheach ar dhuine eile, ba cheart féachaint air sin mar iompar bulaíochta. Is minic a ndéantar tagairt do chuma fhisiciúil duine, m.sh. méid nó éadaí an duine sin, sna hainmneacha seo. D'fhéadfaí aird dhiúltach a dhíriú ar thuin chainte nó or ghuth so-aithenta. Is minic cumas acadúil a bheith ina chúis le hainmeacha maslacha: i gcás daoine a mheastar a bheith níos cliste n mar is gnách agus i gcás daoine a mheastar a bheith níos laige ná mar is gnách.** Persistent name-calling directed at the same individual(s) which hurts, insults or humiliates should be regarded as a form of bullying behaviour. Often name-calling of this type refers to physical appearance, e.g., size or clothes worn. Accent or distinctive voice characteristics may attract negative attention. Academic ability can also provoke name calling. This tends to operate at two extremes. There are those who are singled out for attention because they are perceived to be weak academically. At the other extreme there are those who, because they are perceived as high achievers are also targeted.
- **Dochar do mhaoin** (Damage to property): **Is féidir bulaíocht a dhíriú ar mhaoin phearsanta. I gceist ansin bheadh damáiste d'éadaí, d'fhón póca nó do ghléasanna eile, do leabhair scoile agus d'ábhar foghlama eile nó cur isteach ar thaisceadán nó ar rothar an dalta. D'fhéadaí a bhfuil sa mhála scoile a chaitheamh amach ar an urlár. D'fhéadfaí rudaí pearsanta a bhriseadh, a loit, a ghoid nó a chur i bhfolach.** Personal property can be the focus of attention for bullying behaviour. This may result in damage to clothing, mobile phone or other devices, school books and other learning material or interference with pupil's locker or bicycle. The contents of school bags and pencil cases may be scattered on the floor. Items of personal property may be defaced, broken or hidden.
- **Sracadh** (Extortion): **D'fhéadfaí airgead a éileamh, faoil bhagairt uaireanta (bagairtí a chomhlíontar uaireanta mura gcuireann an dalta i dtrácht an t-airgead ar fáil nuiar a iarrtar é). D'fhéadfaí iallach a chur ar dhalta maoin a ghoid ar son duine eile atá ag gabháil d'iompar bulaíochta.** Demands for money may be made, often accompanied by threats (sometimes carried out in the event of the targeted pupil not delivering on the demand). A pupil may also be forced into theft of property for delivery to another who is engaged in bullying behaviour.

**Faoi Bhráid an Bhoird: Dáta 26/5/2014** **Cathaoirleach:_________________________**

# Aguisín 2 (Appendix 2)

## Gaelscoil Adhamhnáin
## Feachtas Frithbhulaíocht

***Clár na Scoile – Eolas / Acmhainní do Pháistí***

***Tools for Raising Awareness Explaining the Nature and Unacceptability of Bullying***

**Clár Rang 3 le bheith déanta i ngach Rang ar dtús**

### Rang 3

*Ceacht 1 . . .Tús na Míosa, Meán Fómhair*

"Yes . . . That's Bullying" – Físean & Comhrá

*Ceacht 2 . . . Tús na Míosa Deireadh Fómhair*

"Types of Bullying" - Worksheet

*Ceacht 03 . . . Tús na Míosa, Samhain*

"Stand Up ~ Bullying Commercial" – Fiseán agus Obair

*Ceacht 04 . . . Tús na Míosa, mí na Nollag*

"Snakes and Ladders" – Billeog Oibre

*Ceacht 05 . . . February-March*

Annual Drawing Competition – 2-3 Seachtain

*Ceacht 06 . . . April-May*

Annual Slogan Competition – 2-3 Seachtain

### Rang 4

*Ceacht 7 . . .Tús na Míosa Meán Fómhair*

"Recognising Bullying" - Worksheet

*Ceacht 8 . . . Tús na Míosa, Deireadh Fómhair*

"Strength in Numbers" – Físeán agus Obair

*Ceacht 09 . . . Tús na Míosa, Samhain*

"Words Hurt - Don't Be A Part Of It" - Video & Billeoga Oibre

*Ceacht 10 . . . Tús na Míosa, mí na Nollag*

"Rudolph the Red-Nosed Reindeer" – Billeoga Oibre

*Ceacht 11 . . . Feabhra - Márta*

Annual Drawing Competition – 2-3 Seachtain

*Ceacht 12 . . . April-May*

Annual Slogan Competition – 2-3 Seachtain

### *Rang 5*

*Ceacht 13 . . . Lár na Miosa Meán Fómhair*

"Webisodes" from stopbullying.gov – Físeán & Billeoga Oibre

*Ceacht 14 . . . Lár na Míosa Deireadh Fómhair*

"The Power of One Sample" – Video & Regular Class Survey

*Ceacht 15 . . . Lár na Miosa, mí na Samhna*

"Bully (Amazing Short Animation)" - Video & Worksheet

*Exercise 16 . . . Early December*

"Supporting Difference" – Video & Worksheet

*Exercise 17 . . . February-March*

Annual Drawing Competition – 2-3 Weeks

*Exercise 18 . . . April-May*

Annual Slogan Competition – 2-3 Weeks

### *Rang 6*

*Exercise 19 . . . Mid-September*

"Antibullying PSA: The Price of Silence" Video & Worksheet

*Exercise 20 . . . Mid October*

"Simon Says" Teacher Led Circle Time Exercise

*Exercise 21 . . . Mid November*

"How to UnMake A Bully" Volume 1" - Video & Discussion

*Exercise 22 . . . Early December*

"How to UnMake A Bully, Volume 2" - Video & Discussion

*Exercise 23 . . . February-March*

Annual Drawing Competition – 2-3 Weeks

*Exercise 24 . . . April-May*

On-Computer Poster Competition – 2-3 Weeks

### Parents/Guardians, Staff, Boards of Management:

*Exercise 26* - Powerpoint Presentation on Bullying and Cyber-Bullying.

*Exercise 27* - "Dear Parents" Short Video Presentation

### Staff:

*Exercise 28* - Powerpoint explaining the Anti-Bullying Campaign Programme

# Gaelscoil Adhamhnáin

## Feachtas Frithbhulaíochta

| 6 CHÉIM THAPA LE DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT A D'FHÉADFADH TARLÚ I DO RANG/SCOIL |
|---|

1. Má tá eachtra tar éis tarlú ina bhféadfadh bulaíocht a bheith i gceist, déan taifead ar cibé sonraí atá ar eolas tríd an bhfoirm ar Lch 1 a líonadh, agus ansin lean na céimeanna eile thíos chun an eachtra a fhiosrú agus a réiteach. Tabhair faoi deara, le do thoil, gur chóir taifead a dhéanamh ar an bhfoirm ar Lch 2 ar gach beart a dhéantar chun déileáil le heachtra den sórt sin.
2. Cibé acu a tharla eachtra nó nár tharla, le fáil amach an bhfuil bulaíocht ar siúl, léigh Lch 3.
3. Tabhair cuairt ar gach rang i ngrúpa bliana agus
   (a) Mínigh go bhfuil tú chun suirbhé a dhéanamh,
   (b) Mínigh a bhfuil ar intinn agat agus cén fáth, ag úsáid na bpríomhphointí ó Lch 3,
   (c) Mínigh do na daltaí saintréithe na bulaíochta – caithfidh na rudaí atá ar siúl a bheith á ndéanamh d'aon ghnó, ag goilleadh ar dhuine éigin agus á ndéanamh arís is arís eile,
   (d) Mínigh nach gcuirfear pionós ar dhaltaí a bhfaightear amach go bhfuil baint acu le bulaíocht ar an gcoinníoll go dtabharfaidh siad gealltanas go n-éireoidh siad as an mbulaíocht agus go gcomhlíonfaidh siad an gealltanas sin. (Tá an cur chuige "Athrú seachas Milleán" seo riachtanach ionas go mbraithfidh daltaí gur féidir leo an t-eolas a theastaíonn uait a thabhairt duit. Beidh a fhios acu de ghnáth má bhíonn duine éigin ag caitheamh go héagórach le daoine eile ach tá seans ann go mbeidh drogall orthu é a thuairisciú, ar chúiseanna éagsúla, más dócha go mbeidh pionós i gceist).
   (e) Mínigh go bhfuil an suirbhé faoi rún, nach dtaispeánfar d'aon duine an méid a scríobh duine eile faoina bhfuil ag tarlú (ach amháin dá mbeadh sé chomh dona sin gurbh éigean na Gardaí a chur ar an eolas faoi, agus is beag an seans go dtarlódh sé sin), ach go mbeidh orthu a gcuid ainmneacha a chur ar na ceistneoirí.
4. Déan suirbhé ar gach rang sa ghrúpa bliana sin, e.g. gach grúpa sa tríú rang, ag úsáid cóipeanna den suirbhé ar Lch 5. Tá sé sin riachtanach ó tharla go bhféadfadh bulaíocht tarlú sa chlós ag am sosa áit a bhféadfadh daltaí ó ranganna eile í a fheiceáil. Iarr ar na daltaí a gcuid ainmneacha a chur ar na ceistneoirí. Abair leo gurb é atá le déanamh ag daltaí nach eol dóibh aon bhulaíocht a bheith ar siúl, agus iad macánta faoi sin, ná "Níl a fhios agam" a chur ar gach líne den cheistneoir sula gcuireann siad a n-ainm air.
5. Ansin léigh na ceistneoirí agus bí ag cuardach fianaise ar bhulaíocht. Seans go luafar cásanna éagsúla ina bhféadfadh bulaíocht a bheith i gceist ach nach mbeidh bulaíocht i gceist i ngach cás acu. Cuimhnigh, le go mbeadh bulaíocht i gceist, go gcaithfidh na rudaí atá ar siúl a bheith á ndéanamh d'aon ghnó, ag goilleadh ar dhuine éigin agus á ndéanamh thar thréimhe ama.
6. Cuir agallamh ar aon dalta a bhfuil bulaíocht curtha ina leith. Úsáid an fhoirm ar Lch 11 agus an fhoirm ar Lch 12. Cuirtear i gcuimhne dóibh sin atá faoi agallamh go gcaithfidh siad a bheith macánta san agallamh. Má bhíonn, beidh tusa in ann muinín a chur sa ghealltanas a thugann siad go n-éireoidh siad as an mbulaíocht, agus seachnóidh siadsan pionós ag an deireadh. Má theastaíonn soiléiriú uait am ar bith san agallamh, iarr ar an dalta an méid atá sé/sí a rá a mhíniú.
7. Sa chás go raibh bulaíocht ar siúl, iarr ar an dalta an fhoirm ar Lch 13 a líonadh agus a shíniú, agus ansin síníonn tú féin freisin í. Comhlíonfaidh daltaí an gealltanas sin de ghnáth.

**COMHGHAIRDEAS! IS ÁIT NÍOS SÁBHÁILTE DO NA DALTAÍ Í AN SCOIL MAR GHEALL ORTSA!**

Tá cineálacha éagsúla ceistneoirí, bileoga gealltanais etc againn le haghaidh cásanna éagsúla agus is féidir leat iad a leasú agus a athrú má bhraitheann tú gur cuí sin. Tá treoirlínte lena n-aghaidh sin curtha ar fáil sa cháipéis HANDBOOK FOR SECOND LEVEL (HIGH) SCHOOLS STRAND 2 - DEALING WITH POSSIBLE BULLYING INCIDENTS/SITUATIONS

An rud is fearr ar fad ná go mbeadh cleachtaí ar bun i rith na scoilbhliana ar fad le go mbeadh tuiscint níos fearr ag na daltaí ar an mbulaíocht, cén fáth nach féidir glacadh léi agus céard iad na rudaí nár chóir dóibh a dhéanamh, agus gur fearr a bheidís in ann na ceistneoirí a líonadh.

**Lth 1**

**Gaelscoil Adhamhnáin**

# Feachtas Frithbhulaíochta

## *FOIRM TUAIRISCE NA hEACHTRA*

***Tabhair ar ais, le do thoil, don mhúinteoir atá i gceist nó don chomhordaitheoir***

Foinse na Tuairisce    Tuismitheoir    Dalta    Ball Foirne    Suirbhé    Eile

Dáta: _______________

Ainm an duine a rinne an tuairisc (má bhaineann sé le hábhar):

Más ball foirne é/í: ________________________________________________________________

Más dalta é/í: ______________________________________________________ Rang: _______

**Más duine eile seachas ball foirne nó dalta é/í:**

Ainm an duine a rinne an tuairisc: __________________________________ Fón: ____________

Seoladh: _________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

## *Sonraí na hEachtra Líomhnaithe:*

An áit ar tharla an eachtra: __________________________________________________________

Am: ______________________ Lá: _______________________ Dáta: ____________________

Íospartach/íospartaigh (go bhfios don fhoinse): __________________ Rang/Grúpa: ________

An dalta/na daltaí a rinne é (go bhfios don fhoinse): _______________ Rang/Grúpa: ________

________________________________________________________ Rang/Grúpa: _____________

Daoine eile a bhí i láthair: ___________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

Sonraí na heachtra go dtí seo: ________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

Tabharfar cuntas ar chúl an leathanaigh ar an mbeart a dhéantar

# Gaelscoil Adhamhnáin

## Feachtas Frithbhulaíochta

***Ainm bhall na foirne:*** ____________________

## *Gníomhú de thoradh ar thuairisc ar bhulaíocht*

***(Breac síos dátaí, amanna, glaonna gutháin, teagmháil le tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoide agus rl  de réir mar a oireann).***

| ***Dáta:*** | |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | ***Sínithe:*** ***Dáta:*** |
| | |

# Lth 3

# Gaelscoil Adhamhnáin, U.R. 19971R

**Feachtas Frithbhulaíochta**

**Léigh gach rud atá faoi chló trom do na daltaí sinsearacha (5ú & 6ú Rang – 11-12 bhliain d'aois) roimh shuirbhéanna ranga. I gcás daltaí níos óige (2ú, 3ú & 4ú Rang – 8-10 mbliana d'aois), tabhair leagan gearr simplí, e.g. pointí 1, 3, 5, 8, 10 & 11.**

## *Dearcadh na scoile seo ar bhulaíocht*

1. Nuair a chaitheann duine go holc le duine eile agus nuair a dhéanann nó nuair a deir sé rudaí arís is arís eile chun cur isteach ar dhuine éigin, tugaimid BULAÍOCHT air sin. Seo samplaí de rudaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist: daltaí eile a bhrú nó a bhualadh, damáiste a dhéanamh do rudaí ar leo iad, gan cead a thabhairt dóibh a bheith páirteach sa ghrúpa, ainmneacha a thabhairt orthu, rudaí gránna a rá leo nó fúthu, nó a bheith ag magadh fúthu ar bhealach ar bith.
2. Má phiocann seisear daltaí ar dhuine éigin fiú uair amháin sa lá ar feadh seachtaine, pioctar ar an dalta sin 30 uair an tseachtain sin. Is BULAÍOCHT í sin agus níl sí ceart ná cóir.
3. Daltaí a ndéantar bulaíocht orthu arís is arís eile, mothaíonn siad go suarach agus bíonn brón agus náire orthu. Fiú amháin má bhíonn siad ag gáire, mura ndeir siad dada, nó má ligeann siad orthu gur cuma leo, is féidir leat a bheith cinnte fós féin go bhfuil siad ag iarraidh go stopfaí í!
4. Tá an méid seo a leanas inár bpolasaí scoile ar an mbulaíocht: *(Léigh abairt thábhachtach amháin ón bpolasaí atá i ndialann na ndaltaí. Cuir béim ar "meas" a bheith lárnach sa pholasaí uile.)*
5. Tá sé de cheart ag daltaí nach ndéanfaí bulaíocht orthu toisc iad a bheith difriúil. Táimid ar fad difriúil le chéile agus is rud an-mhaith é sin. Níor chóir go ndéanfaí bulaíocht orainn toisc muid a bheith difriúil, m.sh. craiceann donn nó bán, ard nó íseal, trom nó tanaí, as Éirinn nó as an India, rua nó fionn, glórach nó ciúin, garbh nó séimh, go maith ag an Mata nó go dona ag an nGaeilge etc. An rud atá tábhachtach ná go bhfuil an meas céanna tuillte ag gach duine.
6. Ní gá go dtaitneodh gach duine i do rang leat ach fós caithfidh tú meas a bheith agat orthu. Mura dtaitníonn daoine áirithe leat, is féidir leat fanacht amach uathu ach ná déan bulaíocht orthu.
7. Go minic, ní thuigeann daltaí a dhéanann bulaíocht ar dhaoine eile an dochar mór atá á dhéanamh acu. Is mór an damáiste is féidir le bulaíocht a dhéanamh.
8. Daltaí a fheiceann bulaíocht nó a bhfuil a fhios acu go bhfuil sí ar siúl agus nach gcuireann múinteoir ar an eolas, tá siad ag cabhrú leis an mbulaí leanúint den bhulaíocht. Má thuairiscíonn siad an bhulaíocht, is féidir stop a chur léi agus beidh gach duine in ann maireachtáil go sona sásta, fiú an bulaí féin. Tá sé an-tábhachtach gach cás de bhulaíocht a insint do mhúinteoir.
9. Déanfaimid iarracht deireadh a chur leis an mbulaíocht sa scoil seo, mar sin ní chaithfimid an scéal a insint don phríomhoide, do thuismitheoirí, don Bhord Bainistíochta ná do na Gardaí.
10. Táimid ar fad ag iarraidh go mbeadh deireadh leis an mbulaíocht – ANOIS! Má chloisimid go bhfuil dalta ag déanamh bulaíochta ar dhaltaí eile, beimid ag iarraidh labhairt leis an dalta sin os íseal agus a mhíniú dó/di cé chomh tromchúiseach éagórach is atá an bhulaíocht agus cé chomh holc is a mhothaíonn an duine atá thíos leis. Iarrfaimid ar an dalta sin gealltanas a thabhairt go n-éireoidh sé/sí as an mbulaíocht. Má thagann deireadh leis an mbulaíocht, ní chuirfear pionós ar aon duine agus <u>beidh deireadh leis an scéal</u>. Ach caithfear deireadh a chur leis an mbulaíocht!
11. Tá do chabhair ag teastáil uainn. Caithfidh fios a bheith againn má tá aon duine ann a gcaithfimid labhairt leis faoi bhulaíocht. Déanfaimid suirbhé anois agus beidh tusa ag freagairt ceisteanna. Beidh tú ag cur d'ainm air. Caithfidh tú an fhírinne a insint. Má bhíonn do chuid freagraí difriúil le freagraí gach duine eile, beidh an chuma air nach bhfuil tú ag insint na fírinne agus, ar an gcaoi sin, go bhfuil tú ag cabhrú leo siúd a dhéanann bulaíocht ar dhaoine eile.
12. Sa suirbhé, cuirfear ceist ort ar phioc tú féin ar dhalta(í) eile agus iarrfar ort freisin aon duine i do rang nó sa scoil a rinne a leithéid a ainmniú. Bí macánta anseo le do thoil. Cuimhnigh! Níl uainn ach labhairt leis na daoine atá i gceist, agus má stopann an bhulaíocht, beidh deireadh leis an scéal ansin. Ach caithfidh fios a bheith againn cé hiad na daoine a gcaithfimid labhairt leo.

Go raibh maith agat!

## *Suirbhé Rialta Ranga*

Tá a fhios agam gur bulaíocht a bhíonn ann nuair a bhíonn duine gránna le duine eile arís is arís eile, agus tá a fhios agam nach bhfuil sé sin ceart. Tá a fhios agam fósta gur chóir dom múinteoir a chur ar an eolas má fheicim duine ag déanamh bulaíochta ar dhaoine eile, nó má bhíonn a fhios agam go bhfuil a leithéid ar siúl. **Tá a fhios agam nach gcuirfear pionós ar aon duine a dhéanann bulaíocht ar dhaoine eile ach a shíníonn gealltanas go stopfaidh sí agus a chomhlíonann an gealltanas sin. Tá a fhios agam nach mbeidh an duine sin i dtrioblóid agus, mar sin, go mbeidh gach duine in ann a saol a chaitheamh go sona sásta.**

D'ainm (Bloclitreacha): ________________________________ Rang/Bliain __________

Ainmnigh aon dalta(í) i do rang a mbíonn dalta(í) eile ag tabhairt ainmneacha orthu, ag cur isteach orthu, á ngortú nó ag nach bhfuil deas leo:

______________________________________________

______________________________________________

Caidé atá i gceist? . . .

Ag tabhairt ainmneacha orthu — Ag magadh fúthu

Ag déanamh beag dá gcuid rudaí — Gan cead a thabhairt dóibh a bheith páirteach

Á mbrú — Á mbualadh nó á gciceáil

Aon bhealach eile a mbíonn duine éigin gránna leo: ________________________________

______________________________________________________________________________

Ainmnigh aon dalta eile atá ar an eolas faoi seo, cé nach gá go bhfuil siad páirteach ann:

______________________________________________________________________________

Ar raibh tú féin páirteach i ndóigh ar bith?
Go minic
Ó am go ham
Ní raibh riamh

Ainmnigh aon dalta(í) i do rang a chuireann isteach go rialta mar seo:

__________________________________

__________________________________

An síleann tú go mbíonn roinnt daltaí níos gránna leatsa
ná mar a bhíonn siad le daltaí eile sa rang? Sílim Ní shílim

Ainmnigh daltaí eile atá ar an eolas faoi seo: ________________________________________

Tá an méid atá scríofa agam thuas fíor.

**Sínithe:** **Dáta:** / /

# Gaelscoil Adhamhnáin

## Feachtas Frithbhulaíochta

## ***Bileog agallaimh maidir le bulaíocht atá curtha i leith dalta***

***Ba cheart an t-agallamh seo a dhéanamh ar shlí atá cairdiúil, ag lorg eolais agus gealltanais***

***Ba(i)ll Foirne:*** ______________________________ ***Am:*** ___________ ***Dáta:*** ____/____/____

***Dalta faoi agallamh:*** ____________________ ***Rang:*** ______ ***Ó: Tuairisc/Suirbhé (T/S):*** ______

1. ***An bhfuil a fhios agat go dtugtar bulaíocht air nuair a bhíonn daoine gránna le duine éigin arís is arís eile, ag tabhairt ainmneacha air, á bhualadh nó ag cur isteach air?*** __________________________
2. ***Is mian linn go mbeadh gach dalta sona sásta ar scoil, tusa san áireamh. Dá mbeadh daltaí gránna leatsa, d'iarrfaimis orthu stopadh. Ní cóir d'aon duine a bheith gránna leat. An dtuigeann tú?*** ____
3. ***Rinneamar suirbhé ar bhulaíocht agus tá imní orainn anois go bhfuil bulaíocht á déanamh ar dhalta i do rangsa. An bhfuil iontas ort?*** ______ ***Mínigh:*** _____________________________________________
4. ***Dar leatsa, cé hé an dalta i do rang a bhféadfadh bulaíocht a bheith á déanamh air?*** _____________
5. ***Is é an dalta:*** _________________________________________________________________________
6. ***Léiríonn an suirbhé go gceapann daltaí i do rang go raibh tú ag déanamh roinnt bulaíochta air. Céard a bhí ar bun agat a d'fhág go bhfuil siad á cheapadh sin?*** ______________________________
7. ***Tá mé ag iarraidh a lán ceisteanna a chur ort anois le fáil amach céard eile a bhí ag tarlú. Má insíonn tú an fhírinne, beidh a fhios agam ansin, más bulaíocht atá i gceist agus má thugann tú gealltanas go stopfaidh tú, gur féidir liom tú a chreidiúint. Tá roinnt rudaí a d'fhéadfadh a bheith déanta agat ar eolas againn cheana féin ach caithfimid an scéal ar fad a chloisteáil. An bhfuil tú réidh chun a lán ceisteanna a fhreagairt go macánta?*** _____________________________________

   (Úsáid an seicliosta thall agus ansin lean ort go dtí na ceisteanna eile thíos). ***Thall*** ➔

- - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -

8. ***Cén fáth a raibh tú ag caitheamh leis ar an gcaoi sin?*** ____________________________________
9. ***An ndearnadh bulaíocht ortsa riamh?*** __________________ ***Má rinneadh, cén chaoi ar bhraith tú?***
   _________________________________________________________________________________
10. ***Samhlaigh dá mbeadh daoine móra ag caitheamh le do mháthair ar an gcaoi sin ag an obair. Cén chaoi a mbraithfeadh sí, dar leat?*** _______________________________________________________
11. ***Dá mbeadh a fhios agat gur caitheadh mar sin léi cén chaoi a mbraithfeá?*** _____________________
12. ***An dtuigeann tú anois cé chomh héagórach is atá sé caitheamh le duine ar an gcaoi sin?*** ________
13. ***An raibh a fhios agat gur sárú ar rialacha na scoile í an bhulaíocht?*** ___________________________
14. ***Nílimid ag iarraidh an scéal seo a insint don Phríomhoide. Caithfidh a fhios a bheith againn go dtuigeann tú cé chomh tromchúiseach is atá sé agus caithfimid a bheith cinnte nach dtarlóidh sé arís. An féidir leat é sin a ghealladh?*** ______________

***Iarrfaimid anois ort gealltanas scríofa a shíniú.*** (Roghnaigh cén leagan a úsáidfidh tú?)

- - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - - -

*Le líonadh ag an mball foirne níos déanaí:*

***Síniú tuismitheora de dhíth (Tá/Níl)?*** ___________ ***Gealltanas sínithe (Tá/Níl)?*** ___________

***Tugtha ar ais le síniú tuismitheora (Tá/Níl)?*** _________ ***Dáta:*** ____ / ____ / ____

# Gaelscoil Adhamhnáin

## Feachtas Frithbhulaíochta

## *Seicliosta ar Iompar Bulaíochta*

**Cuir isteach tic √ má rinne dalta an rud go minic, uaireanta nó fiú uair amháin.**

*Ainm an Dalta:* ______________________________ *Rang:* __________ *Dáta:* ___/___/___

Agus tú in éineacht le (A): ______________________________, an ndearna tú riamh . . .

**Ó bhéal:**

Ainmneacha a ghlaoch ar (A)? ________________
Rudaí a rá le (A) chun é a ghortú? _____________
A rá go bhfuil (A) "dúr"? ______________________
Rudaí gránna a rá, rudaí a chuala (A)? __________
Spochadh as (A) (Leithris/Seomra Feistis)? ______
Spochadh as (A) maidir lena chuma? ___________
A rá gur "tiarálaí" é (A)? _________________
Rudaí gránna a rá faoi thuismitheoir (e.g. máthair)
(A) nó faoina mhuintir? _________________
Drochrudaí a rá nó magadh faoi (A) maidir le:

- Dath Craicinn? _____
- Reiligiún? _____
- Náisiúntacht? _____
- Cúlra Baile? _____
- Míchumas (riachtanais speisialta)? ________

**Scríofa:**

Nótaí gránna a scríobh faoi (A)? ______________
Graifítí a scríobh faoi (A)? __________________
Teachtaireachtaí téacs faoi (A) a sheoladh? ______
Rudaí gránna faoi (A) a chur ar an Idirlíon? ______
Téacs faoi (A) a sheoladh a chuirfeadh náire air? __

**Rudaí ar le (A) iad:**

Rudaí (A) a thógáil "ar iasacht" gan cead (A)? ____
Rudaí (A) a chur i bhfolach? ________________
Rudaí (A) a ghoid? ______________________
Dochar a dhéanamh do rudaí (A)? ____________
Fogha a thabhairt faoi rudaí (A)? ____________
Iarracht a dhéanamh airgead a fháil ó (A)? ______

**Leithcheal:**

Caitheamh go dona le (A) toisc é a bheith difriúil? _
Caitheamh go dona le (A) toisc go gceapann tú
"nach bhfuil sé cosúil linn"? _______________

**Sóisialta:**

Gáire a dhéanamh faoi (A) agus é ag éisteacht? ___
Neamhaird a thabhairt ar (A)? _______________
Amharc fiata nó déistine a thabhairt ar (A)? _______
(A) a fhágáil amach as cluichí? ________________
(A) a fhágáil leis féin ar an mbus, sa chlós etc? ____
Trioblóid a chruthú idir (A) agus a chairde? ________
Magadh faoi (A) os comhair daoine eile? _________
Stánadh, mar bhall de ghrúpa, ar A? _____________
A rá go ndúirt (A) rudaí nach ndúirt sé? ___________
Ráflaí faoi (A) a scaipeadh? ________________

**Imeaglú:**

Stánadh go feargach ar (A)? ________________
Amharc déistine a thabhairt ar (A)? ____________
Iarracht a dhéanamh fearg a chur ar (A)? _________
Bagairt ar (A)? ________________________
Ionsaí grúpa a dhéanamh ar (A) ______________
(A) a leanúint ar fud na háite? ________________
Téacs bagrach a sheoladh chuig (A)? ____________
Brú a chur ar (A) chun rud éigin a dhéanamh ______

**Fisiciúil:**

Rudaí a chaitheamh le (A)? _______________
Gruaig (A) a tharraingt? _________________
Peann luaidhe / peann a shá in (A)? ____________
(A) a bhrú? ___________________________
Dorn a bhualadh ar (A)? _________________
Cic a bhualadh ar (A)? __________________
(A) a bhualadh? _______________________
Liomóg a bhaint as (A)? _________________
Uisce a stealladh ar (A) nó (A) a fhliuchadh? ______
Cor coise a chur in (A)? _________________
Seile a chaitheamh le (A)? ________________
Greim a bhreith ar chloigeann (A)? ___________
Greim a bhreith ar bhaill ghiniúna (A)? __________

Sonraí eile nó rud ar bith eile le rá: ____________________________________________

__________________________________________________________________

*Fill ar an bpríomhbhileog agallaimh ar chúl an leathanaigh agus líon isteach anois í!* ***Thall ➔***

**Lth 13**

**Gaelscoil Adhamhnáin**

**Feachtas Frithbhulaíochta**

## *Gealltanas Iompraíochta an Dalta*

*Ainm an Dalta:* ______________________________ *Rang:* __________

Tá a fhios agam go bhfuil mo chuid comhdhaltaí ar fad difriúil lena chéile agus difriúil liomsa ar a lán bealaí (*e.g. dath gruaige, dath craicinn, na héadaí a chaithimid, airde, meáchan, méid, canúint, reiligiún, náisiúntacht, muid a bheith aerach nó heitrighnéasach, an áit a bhfuilimid nó a rabhamar inár gcónaí, na rudaí is maith linn a dhéanamh, muid a bheith glórach nó ciúin, cé chomh maith is atáimid ag an bhfoghlaim, cé chomh maith is atáimid ó thaobh staidéir de, cé chomh maith is atáimid ag an spórt, muid a bheith tugtha don cheol nó gan a bheith etc etc*). Níor mhaith liom dá gcaithfeadh aon duine de mo chuid comhdhaltaí go héagórach liom, nó dá ndéanfaidís rudaí orm a d'fhág go raibh mé ag mothú go dona, de thoradh ar aon cheann de na difríochtaí sin, nó toisc nár thaitin mé leo. Tá a fhios agam go bhfuil sé de cheart agam a bheith difriúil le daltaí eile agus nach dtugann sé sin an ceart d'aon duine caitheamh go héagórach nó go holc liom. Tá a fhios agam go bhfuil sé de cheart agam go gcaithfí go cóir cothrom measúil liom ar scoil de dheasca Chód Iompraíochta na Scoile, agus taobh amuigh den scoil freisin.

Tá a fhios agam freisin go bhfuil sé de cheart ag gach dalta eile go gcaithfí go cóir cothrom measúil leo. Tá sé mícheart caitheamh le duine ar bith ar bhealach ar bith eile. Geallaim dá bharr sin go gcaithfidh mé go cóir cothrom measúil le mo chuid comhdhaltaí go léir amach anseo, in ainneoin ár gcuid difríochtaí agus fiú mura dtaitníonn siad liom.

Go háirithe: *(Scríobh thíos "Caithfidh mé go cóir measúil i gcónaí le (A)")*

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Sínithe:** Dalta: ______________________________ Dáta: ___/___/___

Múinteoir: ______________________________

**Gaelscoil Adhamhnáin** **Feachtas Frithbhulaíochta**

***SCRÍOBH SÍOS AON FHOCAIL GHRÁNNA/LEASAINM A CHUALA TÚ IN ÚSÁID SNA BOSCAÍ THÍOS.***

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

***FÁGANN FOCAIL GHRÁNNA MAR SEO COILM NACH BHFEICEANN TÚ.***
***ANSIN FÁISC AGUS DÉAN LIATHRÓID DE GO TEANN.***
***CAITH É AR AN URLÁR AGUS SEAS AIR.***
***ANOIS SÍN AMACH I GCEART É AGUS FÉACH GO CÚRAMACH AIR.***

**JO JO**



***FÉACH AR AN GCUMA ATÁ ANOIS AR JO JO! FÉACH AR NA LÍNTE AGUS AN SCRIOS ATÁ DÉANTA! ABAIR LE JO JO GO BHFUIL BRÓN ORT! AN GCUIREANN SÉ SEO JOJO INA CHEART ARÍS? NUAIR A DHÉANANN TÚ BULAÍOCHT LE FOCAIL GHRÁNNA NÓ IN AON SLÍ EILE IS FÉIDIR LEIS NA RIANTA BHEITH ANN***

**Le: ____________________________ Rang:**

# Gaelscoil Adhamhnáin

## Feachtas frithbhulaíochta

# *Fógra faoi chomórtas*

**Comórtas Ealaíne ar an bhfrithbhulaíocht**
**do dhaltaí ó Rang 2 – Rang 6.**
**Beidh duaiseanna ann do na buaiteoirí.**
**Tarraing póstaer nó pictiúr, ach beidh na líníochtaí uile**
**i ndubh (ní peann luaidhe) agus bán.**

**Beidh an comórtas ar siúl ar an _______________ idir 2.00 p.m. agus 3.00 p.m.**

Duaiseanna: dearbhán €5.00 ar thriúr buaiteoirí i ngach rang.

**Téama an chomórtais:**

***Is féidir liomsa difríocht a dhéanamh má fheicim bulaíocht ar siúl.***

*Beidh leatháin speisialta ar fáil don chomórtas.*

*Déanfar cóipeáil agus lannú ar iarrachtaí na mbuaiteoirí agus ar iarrachtaí mhaithe eile agus beidh siad ar taispeáint ar fud na scoile.*

*Tá súil againn na hiarrachtaí uile a chur ar taispeáint níos moille sa bhliain agus foilseofar iarrachtaí na mbuaiteoirí i Nuachtlitir na Scoile.*

*Tús maith leath na hoibre – tosaigh ag smaoineamh air agus ag cleachtadh inniu sa chaoi go mbeidh sé foirfe agat lá an chomórtais.*

*Go n-éirí libh!*

**Gaelscoil Adhamhnáin  Feachtas frithbhulaíochta**

**Le: ____________________________ Rang: ____**